




**Cuspóir an tsleamhnáin:**

Sleamhnán tosaigh do chur i láthair Chéim 1 Cruth agus Spás - Trasfhoirmiú




**Cuspóir an tsleamhnáin:**

Forléargas a thabhairt ar an tsnáithe Cruth agus Spás

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Téigh go dtí lch.23 de cháipéis an churaclaim agus tóg roinnt ama chun breathnú ar na snáithaonaid Cruth agus Spás.
- Tabhair faoi deara, le do thoil, gur snáithaonad nua é 'Trasfhoirmiú' sa CMB.
- Déanfar iniúchadh sa chur i láthair seo ar an snáithaonad Trasfhoirmiú, ach freisin ar ghnéithe den snáithaonad 'Cruth' mar go dtéann siad le chéile go nádúrtha.

# Trasfhoirmiú

## Dul Chun Cinn Thar na gCéimeanna

| Torthaí Foghlama don Snáithaonad 'Trasfhoirmiú' | | | |
|---|---|---|---|
| Céim 1: Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha | Céim 2: Rang a haon agus a dó | Céim 3: Rang a trí agus a ceathair | Céim 4: Rang a cúig agus a sé |
| *Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann* | | | |
| éifeachtaí **bogadh cruthanna** a **fhiosrú**. | an tuiscint a fhorbairt gur féidir **cruthanna** agus **mírlínte** a **fhrithchaitheamh**, a **rothlú**, agus a **aistriú**. | éifeachtaí na dtrasfhoirmithe ar chruthanna agus ar mhírlínte a **shamhaltú** agus a **mhíniú**. | **tabhairt faoi réimse céimeanna** a bhfuil trasfhoirmithe iontu agus iad a **cheapadh.**<br><br>**anailísiú** a dhéanamh ar an gcaoi a **méadaítear** cruthanna ar **léaráidí de réir scála** agus é seo a **léiriú**. |





**Cuspóir an tsleamhnáin:**

Iniúchadh a dhéanamh ar an dul chun cinn thar na céimeanna sa snáithaonad Trasfhoirmiú.

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Tabhair faoi deara an dul chun cinn ar feadh na gcéimeanna.
- Tabhair faoi deara conas a fhorbraítear teanga, eolas agus scileanna ó chéimeanna 1 go 4
- Tá eolas ar dhul chun cinn riachtanach ionas gur féidir linn ár dteagasc a oiriúnú agus a leathnú bunaithe ar an eolas atá againn ar na páistí os ár gcomhair.
- Ag breathnú ar na torthaí foghlama, is féidir linn a fheiceáil conas a thógann gach céim ar an gceann roimpi, ag cothú tuiscint shaibhir ar thrasfhoirmiú agus a thábhacht mhatamaiticiúil.

- I gcéim 1 úsáidfidh páistí teanga neamhfhoirmiúil ar nós '*iompú/casadh/sleamhnú'.* Sa chéim bhunúsach seo spreagtar fiosracht faoi ghluaiseachtaí bunúsacha cruthanna gan téarmaíocht fhoirmiúil.
- I gcéim 2, téann na daltaí ar aghaidh a úsáid teanga fhoirmiúil mhatamaiticiúil: '*frithchaitheamh/rothlú/aistriú'.* Leanann na páistí ar aghaidh ag iniúchadh, ag foghlaim agus ag tógáil eolais faoi chineálacha áirithe trasfhoirmithe—frithchaithimh, rothluithe agus aistrithe. Tosaíonn siad ag aithint agus ag idirdhealú na ngluaiseachtaí seo, ag cur lena dtuiscint ar an gcaoi ar féidir le cruthanna suíomh agus treoshuíomh a athrú.
- I gcéim 3, déanann páistí trasfhoirmiú a léiriú agus míníonn siad a n-éifeachtaí ar chruthanna agus ar mhírlínte. Tosaíonn siad ag cur friotal ar a dtuiscint, ag úsáid téarmaíocht chuí chun cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a n-athraíonn trasfhoirmiú suíomhanna agus airíonna na gcruthanna.
- I gcéim 4, ní hamháin go ndéanann páistí trasfhoirmithe éagsúla ach ina theannta sin ceapann siad go cruthaitheach a gcuid sraitheanna céimeanna féin ina dtarlaíonn na gluaiseachtaí sin. Déanann siad anailís ar an gcaoi ar féidir cruthanna a mhéadú nó a laghdú i léaráidí scálaithe, ag comhcheangal a gcuid eolais ar thrasfhoirmithe i gcásanna níos casta.
- Tógann gach céim ar an gceann roimpi, ag cothú tuiscint chuimsitheach ar thrasfhoirmiú geoiméadracha.
- Achoimre:
    - (Céim 1) Mar thoradh ar iniúchadh ar ghluaiseachtaí
    - (Céim 2) Faightear tuiscint ar thrasfhoirmithe a thagann chun cinn ina
    - (Céim 3) Chumas na trasfhoirmithe sin a léiriú agus a mhíniú
    - (Céim 4) Áit a léiríonn agus a gcruthaíonn daltaí trasfhoirmithe agus iad ag cur a gcuid eolais i bhfeidhm.




**Cuspóir an tsleamhnáin:**

Aird a tharraingt ar an toradh foghlama mar phointe tosaigh don ullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Is é seo an toradh foghlama do Thrasfhoirmiú - Crutha agus Spáis chéim 1
- Tá torthaí foghlama leathan de nádúr. Is iad na smaointe móra matamaitice iad a mbíonn an páiste ag obair ina dtreo thar thréimhse 2 bhliain.
- Nuair a bhíonn tú ag obair le torthaí foghlama, tá sé úsáideach an toradh foghlama a bhriseadh síos ina réimsí fócais. Féach Coincheapa ar an gcéad sleamhnán eile.
- Maidir le Trasfhoirmiú Chéim 1, beidh na daltaí ag iniúchadh éifeachtaí

gluaiseachtaí crutha i.e. cad é a tharlaíonn do chruth nuair a shleamhnaíonn /a iompaíonn /a chasann sé?

# Torthaí Foglama
## Coincheapa Matamaitice


| | Céim 1 (Naíonáin Bheaga agus Mhóra) |
|---|---|
| **Torthaí Foghlama** | éifeachtaí bogadh cruthanna a fhiosrú. |
| **Coincheapa matamaiticiúla** | Is féidir cur síos a dhéanamh ar ghluaiseacht na gcruthanna agus na réad ach úsáid a bhaint as focail shimplí amhail smeach, casadh agus sleamhnú. |
| | Is féidir suíomh, treoshuíomh nó méid an chrutha a athrú gan an cineál crutha atá ann a athrú. |

**Cuspóir an tsleamhnáin:**

Aird a tharraingt ar na Coincheapa Matamaitice a chabhraíonn leis an toradh foghlama do Thrasfhoirmiú Chéim 1

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Is iad na Coincheapa Matamaitice na príomhsmaointe matamaitice atá mar bhonn le gach toradh foghlama.
- Bheadh na Coincheapa Matamaitice úsáideach chun Fócas Foghlama Nua a aithint agus tú ag ullmhú don teagasc agus don fhoghlaim
- Tóg cúpla nóiméad chun na Torthaí Foghlama agus na Coincheapa Matamaitice ar Shraith Uirlisí Matamaitice CNCM a iniúchadh tríd an gcód MF thuas a úsáid.




**Cuspóir an tsleamhnáin:**


Na páistí a spreagadh i réamhchleachtadh a leagann béim ar theanga an chrutha.

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Déantar iniúchadh tríd an bhfadhb seo ar roinnt airíonna bunúsacha cruthanna.
- Tá réitigh éagsúla ar an gceist. Níl aon fhreagra ceart ná mícheart ann fad agus go ndéanann páistí a loighic a chosaint.
- Tugann an ghníomhaíocht seo deis iontach do Chaint Mhata ar bhealach neamhfhoirmiúil, spraíúil.

**Acmhainní:**

Úsáid an cód MF ar an sleamhnán chun tuilleadh samplaí de thascanna Ceann Corr a fháil sa rannóg Mion-Mata de pmc.oide.ie




**Cuspóir an tsleamhnáin:**

Gníomhaíocht a thaispeáint ina ndéanann páisí an méid seo:

1. A gcuid cruthanna féin a chruthú ag úsáid 4 shlat
2. A fháil amach beag beann ar an gcaoi a ndéantar cruth a thrasfhoirmiú, gurb é an cruth céanna i gcónaí é.


**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Nascann an ghníomhaíocht seo leis na snáithaonaid CRUTH agus TRASFHOIRMIÚ.
- Déanann páistí turgnamh leis na slata a bhogadh chun cruthanna éagsúla a chruthú.
- Cuir na ceisteanna seo a leanas:
    - *An féidir leat do chruth a ainmniú?*
    - *Cé mhéad cruthanna éagsúla is féidir leat a dhéanamh?*
- Ceisteanna Trasfhoirmithe:
    - *Cad é a tharlaíonn má <u>shleamhnaíonn tú</u> do chruth? An athraíonn sé*

*nó an bhfanann sé mar an gcéanna?*

- *Cad é a tharlaíonn má chasann tú do chruth? An athraíonn sé nó an bhfanann sé mar an gcéanna?*
- *Cad é a tharlaíonn má iompaíonn tú do chruth? An athraíonn sé nó an bhfanann sé mar an gcéanna?*
- *An féidir leat do chruthanna a bhreacadh síos i do chóipleabhar/i do dhialann?*

- Tabhair faoi deara conas is féidir an ghníomhaíocht seo a úsáid chun forbairt teanga mhatamaiticiúil faoi chruthanna a spreagadh.
- Úsáid an cód MF ar an sleamhnán chun an tasc ceannoscailte seo agus níos mó samplaí a aimsiú i rannán Mhicrea-mhatamaitice de https://pmc.oide.ie/ga/acmhainni/mion-mata/




**Cuspóir an tsleamhnáin:**


Teanga an trasfhoirmithe a thabhairt isteach ag Céim 1

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Is tríd an teanga iompú, casadh, sleamhnú a leagtar an dúshraith chun teanga níos casta a úsáid mar atá: frithchaitheamh, rothlú agus aistriú, ó chéim 2 ar aghaidh.
- Is féidir le daltaí dul i dtaithí ar an teanga seo trí ghluaiseacht choirp a úsáid chun iompú, casadh agus sleamhnú sula rachaidh siad ar aghaidh chuig trasfhoirmiú ábhair nithiúla.
- Beidh deiseanna ann an téarmaíocht seo a úsáid i réimsí ábhair eile. Seo roinnt samplaí:
    - CO - cluiche cupán agus fochupán le cóin; treodóireacht

- Siméadracht ealaíne
- Tíreolaíocht - treoracha

## Cén Cruth é Seo?




**Cuspóir an tsleamhnáin:**

A thaispeáint nuair a bhogtar cruth, gurb é an cruth céanna i gcónaí é

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Iarr ar dhaltaí an cruth a fheiceann siad ar an scáileán a ainmniú.
- Féach ar an gcéad sleamhnán eile. Is féidir é seo a úsáid chun fiafraí díobh cén cruth a fheiceann siad anois?

## Cén Cruth é Anois?




**Cuspóir an tsleamhnáin:**

A thaispeáint nuair a bhogtar cruth, gurb é an cruth céanna i gcónaí é.

**Nótaí do mhúinteoirí**

- Is féidir go ndéarfadh go leor páistí ag céim a haon gur 'triantán bunoscionn é.'
- Díreach toisc gur iompaíodh/ rothlaíodh cruth, ní chiallaíonn sé gur athraíodh an cruth.
- Is triantán go fóill é!




**Cuspóir an tsleamhnáin:**


A thaispeáint nuair a bhogtar cruth, gurb é an cruth céanna i gcónaí é.

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Nuair a shamhlaítear cruth á chasadh (rothlú), b’fhiú do dhaltaí díriú ar chuid den chruth chun cabhrú leo an chéad rothlú eile a fheiceáil.
- Is féidir leis an bponc ar cheann de phointí an triantáin thuas cabhrú le páistí an chéad chasadh eile sa phatrún a fheiceáil
- Dá mhéad taithí phraiticiúil a bhíonn ag daltaí ar chruthanna a iompú, a chasadh agus a shleamhnú, is éifeachtaí a éiríonn siad ag samhlú trasfhoirmiú crutha.
- Cuidíonn gníomhaíochtaí mar seo le daltaí éirí níos fearr ag samhlú (ag amharcléiriú) conas is féidir cruthanna le athrú nó bogadh, ar chuid thábhachtach d'fhoghlaim na matamaitice í. Cabhraíonn sé lena dtuiscint ar gheoiméadracht agus tógann sé scileanna a úsáidfidh siad i réimsí eile freisin. Le himeacht ama, foghlaimíonn daltaí nach gá dóibh rudaí a bhogadh go fisiciúil i gcónaí chun a fheiceáil cad é a tharlóidh - is féidir leo é a shamhlú ina gcloigeann agus muinín a bheith acu as a gcuid

smaointeoireachta.

## Smeach/Iompú, Sleamhnú, Casadh





**Cuspóir an tsleamhnáin:**

Aird a tharraingt ar theanga thrasfhoirmithe crutha trí ghníomhaíocht mholta céim 1.

**Nótaí do mhúinteoirí:**


- Sa ghníomhaíocht seo, cuireann na daltaí in iúl cén tuiscint atá acu ar ghluaiseacht crutha
- Beidh taithí ag na daltaí ar theanga an trasfhoirmithe trí ghluaiseacht choirp agus trí acmhainní nithiúla a úsáid roimh ghníomhaíocht mar seo. Is féidir leis sin cabhrú le daltaí idirdhealú a dhéanamh idir na téarmaí iompú agus casadh mar uaireanta is féidir iad a úsáid go hidirmhalartaithe, m.sh. pancóg a thiontú (í a chasadh bunoscionn), roth an chairr bhréige a chasadh.
- D'fhéadfadh daltaí a rá ó bhéal cad é a tharla don charr m.sh. tá an carr iompaithe
- Smaoineamh eile is ea é go bhféadfadh daltaí níos sine ag céim 1 a dtuiscint a léiriú trí úsáid a bhaint as pionna chun an ghluaiseacht chrutha a tharla a roghnú

- Smaoinigh ar bhealaí eile chun na gníomhaíochtaí seo a leathnú nó a chur in oiriúint do na daltaí i do rang.




**Cuspóir an tsleamhnáin:**
Aird a tharraingt ar theanga thrasfhoirmithe crutha trí ghníomhaíocht mholta chéim 1

**Nótaí do mhúinteoirí:**
- Sa ghníomhaíocht seo, cuireann na páistí a dtuiscint ar ghluaiseacht chrutha in iúl
- Beidh taithí ag na daltaí ar theanga an trasfhoirmithe trí ghluaiseacht choirp agus trí acmhainní nithiúla a úsáid sula dtosóidh siad ar ghníomhaíocht mar seo
- Is féidir le daltaí a rá ó bhéal cad é a tharla don úll m.sh. tá an t-úll iompaithe.
- Smaoineamh eile is ea e gur féidir le daltaí níos sine ag céim 1 a dtuiscint a léiriú ach pionna a úsáid chun an ghluaiseacht chrutha a tharla a roghnú
- Smaoinigh ar bhealaí eile chun na gníomhaíochtaí seo a leathnú nó a chur in oiriúint do na daltaí i do rang.





**Cuspóir an tsleamhnáin:**

Aird a tharraingt ar theanga thrasfhoirmithe crutha tríghníomhaíocht mholta chéim 1

**Nótaí do mhúinteoirí:**


- Sa ghníomhaíocht seo, cuireann na páistí a dtuiscint ar ghluaiseacht chrutha in iúl
- Beidh taithí ag na daltaí ar theanga an trasfhoirmithe trí ghluaiseacht choirp agus trí acmhainní nithiúla a úsáid sula dtosóidh siad ar ghníomhaíocht mar seo
- Is féidir le daltaí a rá ó bhéal cad é a tharla don liathróid m.sh. shleamhnaigh an liathróid.
- Smaoineamh eile is ea e gur féidir le daltaí níos sine ag céim 1 a dtuiscint a léiriú ach pionna  a úsáid chun an ghluaiseacht chrutha a tharla a roghnú
- Smaoinigh ar bhealaí eile chun na gníomhaíochtaí seo a leathnú nó a chur in oiriúint do na daltaí i do rang.

# Aistrigh, Sleamhnaigh, Cas




**Cuspóir an tsleamhnáin:**
Gníomhaíocht forbartha a thaispeáint chun trasfhoirmiú crutha mar choincheap a fhorbairt tuilleadh.


**Nótaí do mhúinteoirí:**
- Is leagan é seo den ghníomhaíocht roimhe seo
- In ionad an pionna a chur ar an ngluaiseacht chrutha cheart, bogann na daltaí an íomhá/cruth iad féin chun a dtuiscint a léiriú
- Smaoinigh ar bhealaí chun na gníomhaíochtaí seo a fhorbairt nó a chur in oiriúint do na daltaí i do rang.




**Cuspóir an tsleamhnáin:**
Tasc a thaispeáint a chuireann seicheamh chun cinn trí chruthanna a thrasfhoirmiú chun cruthanna eile a chumadh.

**Nótaí do mhúinteoirí:**


- Is pointe tosaigh é seo chun tangraim a úsáid. Sa chás seo ní úsáideann an dalta ach 4 phíosa as na 7 bpíosaí.
- B'fhorbairt fhéideartha air sin an imlíne a bhaint agus ansin an cruth a chumadh arís.
- Cuidíonn gníomhaíochtaí mar sin le daltaí éirí níos fearr ag samhlú (ag amharcléiriú) conas is féidir le cruthanna athrú nó bogadh, ar cuid thábhachtach d'fhoghlaim na matamaitice é. Cabhraíonn sé lena dtuiscint ar gheoiméadracht agus tógann sé scileanna a úsáidfidh siad i réimsí eile freisin. Le himeacht ama, foghlaimíonn daltaí nach gá dóibh rudaí a bhogadh go fisiciúil i gcónaí chun a fheiceáil cad é a tharlóidh - is féidir leo é a shamhlú ina gcloigeann agus muinín a bheith acu as a gcuid smaointeoireachta.




**Cuspóir an tsleamhnáin:**
Gníomhaíocht tangraim a thaispeáint ag úsáid láimseoga fíorúla chun teanga agus amharcléiriú trasfhoirmithe crutha a threisiú

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Don ghníomhaíocht seo bogann an scoláire cruthanna chun críche
- Is féidir an ghníomhaíocht seo a oiriúnú agus/nó a leathnú chun cabhrú le daltaí nó chun dúshlán daltaí a thabhairt
- Tá an teimpléad tí ann chun críocha taispeána agus chun gnéithe Mathigon a thaispeáint. Tá go leor teimpléad eile ar fáil.
- Forbairt teanga thrasfhoirmithe m.sh.
    - An oirfidh sé má chasaim ar an mbealach seo é?
    - An mbeidh sé oiriúnach má iompaím bunoscionn é?
    - An féidir liom é a shleamhnú ina áit?
- Conas is féidir leat é seo a fheiceáil ag obair i do rang?
- Úsáid an cód MF chun triail a bhaint as an ngníomhaíocht tangraim seo ar Mathigon





**Cuspóir an tsleamhnáin:**
Gníomhaíocht a léiriú ag úsáid acmhainní nithiúla a spreagann úsáid teanga chrutha.

**Nótaí do mhúinteoirí:**
- Tá an ghníomhaíocht seo cosúil le tasc tangraim bainte as a chéile
- B'fhéidir go mbeadh sé níos éasca do dhaltaí a bhfuil go leor taithí acu ar thangraim a úsáid an cruth atá in easnamh (an dronuilleog bhuí) a léirshamhlú
- Cuireann an tasc seo go leor deiseanna ar fáil do chaint mhatamaitice ag úsáid na teanga 'cruth', 'dath', 'méid', 'casadh', 'iompú', 'sleamhnú' (trasfhoirmiú)
- Is féidir leis an múinteoir taispeántas a thabhairt ar chlár le haghaidh plé ranga
- Spreag na daltaí chun smaoineamh ar na rudaí a chabhraigh leo an píosa atá in easnamh a aimsiú? Cén straitéis a bhí acu?

Mar mhalairt air sin:
- D'fhéadfadh daltaí a n-ollphéist chrutha féin a chumadh, pictiúr a thógáil ar ghléas, a n-ollphéist a bhaint as a chéile agus cruth amháin a bhaint as agus dúshlán a gcarad a thabhairt an cruth atá in easnamh a oibriú amach, ag úsáid an phictiúir mar threoir arís á spreagadh le bheith ag straitéisiú.
- Úsáid an cód MF ar an sleamhnán chun tuilleadh samplaí de thascanna Ceann Corr a fháil sa rannóg Mion-Mata de

https://pmc.oide.ie/ga/acmhainni/mion-mata/




**Cuspóir an tsleamhnáin:**
Cruthanna a aithint a bhíonn á dtrasfhoirmiú.


**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Tá an chuma air go mbeadh an ghníomhaíocht seo dúshlánach do dhaltaí Chéim 1, ach mar is mó taithí a bhíonn acu ar chruthanna a thrasfhoirmiú trí iompú, sleamhnú, casadh a úsáid is mó a bheidh siad in ann na trasfhoirmithe i ngníomhaíocht mar seo a shamhlú.
- Cur chuige féideartha:
- Cuir an fhadhb i láthair.
- Pléigh i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga:
    - *Conas a rinneadh cruthanna?* (ceithre chearnóg le taobhanna ag bualadh le chéile na critéir atá tábhachtach)
    - *Cad is gá duit a dhéanamh chun an fhadhb a réiteach?*
- Cur chuige pleanála (Spreag na daltaí a thuar cé na teatromanónna a trasfhoirmíodh
- Le breithniú:
    - *An féidir leo na cinn atá mar an gcéanna a mheaitseáil ag úsáid teanga an trasfhoirmithe -iompú, sleamhnú agus casadh?*
    - *An féidir leo an ceann corr a aimsiú?*
    - *An féidir leo a chur ina luí orthu féin agus ar dhaoine eile go bhfuil an fhadhb réitithe acu?*
- Is féidir an ghníomhaíocht seo a oiriúnú trí níos lú teatromanónna a thabhairt

- Is féidir an ghníomhaíocht seo a oiriúnú trí na teatromanónna a mhéadú
- Is féidir siosúr a thairiscint do dhaltaí chun a gcuid tuartha a ghearradh amach agus a 'sheiceáil'

**Acmhainní:**

Úsáid an cód MF ar an sleamhnán chun an tasc seo a aimsiú ar an rannóg Mhicrea-mhatamaitice de https://pmc.oide.ie/ga/acmhainni/mion-mata/




**Cuspóir an tsleamhnáin:**
Dul i mbun tasc ceannoscailte a thugann achoimre ar theanga thrasfhoirmithe crutha

**Nótaí do mhúinteoirí:**
- Tá gníomhaíochtaí ‘mar an gcéanna ach difriúil’ oiriúnach do gach grúpa céime.
- Trí gach foghlaimeoir a spreagadh 'triail a bhaint as' agus 'fiúntas gach iarrachta aithint’, forbraíonn siad scileanna na réasúnaíochta agus na cumarsáide.
- Níl aon fhreagra ceart ná mícheart ann, fad agus gur féidir leis an dalta a bhfreagra a chosaint.
- Is féidir na fréamhacha abairte a mhúineadh roimh ré.
- Freagraí féideartha:
    - Tá an dá cheann oráiste
    - Tá 4 thaobh ag an mbeirt acu
    - Tá 4 choirnéal ag an mbeirt acu
    - An líon céanna uillinneacha
    - Tá fad na línte mar an gcéanna
    - Tá ceann acu ag díriú chun tosaigh; tá ceann tiontaithe ar a thaobh nó iompaithe
    - **Tá cuma na cearnóige ar cheann acu;  Tá cuma mhuileata air (ní téarma matamaiticiúil beacht é muileata. Is minic a úsáidtear é chun

cur síos a dhéanamh ar rombas atá claonta nó rothlaithe. Sa mhatamaitic, is gnách go dtugaimid rombas air)

- <u>Nóta:</u>
  - Cearnóg = rombas speisialta le dronuillinneacha.
  - Rombas = gach taobh comhionann, ach is féidir le huillinneacha a bheith éagsúil.
  - Muileata = focal laethúil le haghaidh rombas, go háirithe nuair a bhíonn sé casta nó iompaithe.




**Cuspóir an tsleamhnáin:**
Leideanna athmhachnaimh a sholáthar le húsáid sa rang.

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Tá dialanna úsáideach do mhúinteoirí agus d'fhoghlaimeoirí araon chun dearcadh, eolas agus scileanna a mheas.
- Is féidir le páistí súil a choinneáil ar a gcuid smaointeoireachta agus tuisceana sa dialann.
- Is féidir le tuairimí ginearálta faoin Matamaitic a bheith i ndialanna nó is féidir leo a bheith níos sainiúla agus díriú ar choincheap ar leith.
- Ar an sleamhnán, tá dhá leid dialainne is féidir a úsáid sa rang. Díríonn an chéad cheann ar mheon an linbh agus is féidir í a úsáid i ngach snáithaonad.
- Leideanna dialainne:
    - THUG MÉ FAOI DEARA, FUAIR MÉ AMACH, SHEICEÁIL MÉ, CHRUTHAIGH MÉ...
    - Inniu bhain mé taitneamh as... spreagadh ginearálta chun na páistí a chur ag smaoineamh ar mhatamaitic agus ar na réimsí a mbíonn siad

ag fiafraí fúthu.

  - Leideanna sonracha bunaithe ar shnáithe....Tarraing an cruth is fearr leat. Cá bhfeicfeá é timpeall ort? Úsáid focail nó líníochtaí chun do chuid smaointeoireachta a mhíniú.(Féach an sampla ar an gcéad sleamhnán eile)

- Úsáid an Cód MF ar an sleamhnán chun na leideanna dialainne thuas a fháil ar Mhol CMB.